Comhairle an Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 24 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15702/23**

**LIMITE**

**RECH 521**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rún an Choimisiúin ráiteas aireachta a dhéanamh maidir le prionsabail agus luachanna le haghaidh comhair idirnáisiúnta sa taighde agus sa nuálaíocht thar ceann an Aontais<br>- Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a chaibidil |

1. An 16 Samhain 2023, chuir an Coimisiún nóta faisnéise faoi bhráid na Comhairle dar teideal Rún an Choimisiúin ráiteas aireachta a dhéanamh maidir le prionsabail agus luachanna le haghaidh comhair idirnáisiúnta sa taighde agus sa nuálaíocht thar ceann an Aontais[1].

2. Rachaidh an Coimisiún i mbun caibidlíochta maidir le ráiteas na nAirí d'fhonn é a shíniú ag an gcomhdháil a eagrófar an 16 Feabhra 2024, sa Bhruiséil, faoi Uachtaránacht na Beilge. Obair leantach atá anseo a tháinig as dearbhú Marseilles 2022, agus díreoidh sé ar luachanna agus ar phrionsabail sa taighde agus sa nuálaíocht.

[1] 15520/23.

3. Ag an gcruinniú a bhí aici an 20 Samhain 2023, fuair an Mheitheal um Thaighde tuilleadh faisnéise ón gCoimisiún maidir leis an ionstraim neamhcheangailteach atá á beartú.

4. Tuigtear go bhfillfidh an Coimisiún ar an gComhairle ag deireadh na caibidlíochta chun údarú a lorg ón gComhairle chun an ionstraim neamhcheangailteach thuasluaite a shíniú thar ceann an Aontais.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle údarú a thabhairt don Choimisiún dul i mbun caibidlíocht maidir le hionstraim neamhcheangailteach atá le síniú thar ceann an Aontais ag an gComhdháil Aireachta.

PUBLIC